



PE Céim ar Aghaidh

TIONSCNAMH CLUICHÍ DE CHUID CLG

Snáithe: Cluichí

Leibhéal Ranga: Naíonáin

Ceacht: 4

Ionad

Clós na Scoile/Halla

Trealamh

Marcanna cothrom, pónaireáin, liathróidí beaga spúinse, camáin bataí 16", ciseáin nó húlahúpanna, liathróidí pónairí

Ceacht
4
Iománaíocht

Snáithaonad: Seachadadh, glacadh agus iompar

Spriocanna Curaclaim:

- Forbairt ar scileanna iompair agus bualadh
- Greim ar chamán beag
 - Iompar pónaireáin ar chamán beag
 - Pónaireán a chaitheamh in airde de chamán beag
 - Liathróid a phreabadh ar chamán beag

Snáithaonad: Tuiscint agus Léirthuisicint ar Chluichí

Spriocanna Curaclaim:

Comhrá a spreagadh faoi scileanna gluaiseachta a bhaineann le cluichí & forbairt ar na scileanna sin
Forbairt ar stráitéisí chun fadhbanna a réiteach agus cinnteoireacht

Nascáil:

Gleacaíocht–Snáithaonad: Gluaiseacht (Cothromaíocht)
Lúthchleasaíocht – Snáithaonad – Rith, Leim & Caitheamh

Ceap do Phleananna Ceachta Féin



Tuilleadh eolais www.learning.gaa.ie/planner/primary

GAA
Learning



Tagairtí

Curaclam na mBunscoileanna
Corpoideachas (1999)
Treoirínite do Mhúinteoirí
Corpoideachais (1999)

Tionscnamh Spóirt na mBunscoileanna
<http://www.ppds.ie/pcsparchive/pe/psi.clickme.html>

Fun Do GAA Learning Resource Pack (2007)





Snáithe: Cluichí


Eagrú

- An rang bailithe timpeall sa chaoi agus go mbíonn ar chumas gach dalta an múinteoir a fheiceáil

Leibhéal Ranga: Naíonáin

1. Codanna an Chamáin

- Taispeáin na codanna éagsúla den chamán do na daltaí; lámh, greamán, sáil, soc, bos




Pointí Teagaisc

- Cinntigh go n-aithníonn na daltaí codanna an chamáin
- C Cén úsáid a bhaintear as bos an chamáin?
- F Is léi a buailtear an liathróid

Snáithe: Cluichí

Eagrú

- Marcáil amach lána leis na marcanna
- Leag 3 chamán bheaga/bataí adhmaid (uasmhéid 16 or. ar fhaid) ar an talamh le hais an chéad mhaire
- Eagraigh na daltaí, tuairim triúr i ngach grúpa, laistiar den chéad mhaire
- Titeann gach gníomh amach i lána



Leibhéal Ranga: Naíonáin


Gníomh 2 – Pónaireán & Camán

a) Rith agus Luascadh an Chamáin

- Ar shéideadh na feadóige siúlfaidh an dalta atá chun cinn i ngach líne chuig deireadh an lána agus an camán á luascadh suas agus anuas ina lámh

b) Rith agus Luascadh an Chamáin

- Ar shéideadh na feadóige, siúlfaidh an dalta atá chun cinn i ngach líne chuig deireadh an lána agus pónairean ar bhos an chamáin
- Déan na gníomhartha agus an dalta ag sodar



c) Iompair an Pónaireán ar an gcámán agus caith in airde é

- Ar shéideadh na feadóige, déanann an dalta atá chun cinn i ngach líne siúl nó sodar chuig deireadh an lána agus pónairean ar bhos an chamáin
- Déanfaidh an dalta iarracht an pónaireán a chaitheamh isteach i gciseán
- Píocann an dalta an pónaireán leis an lámh nach bhfuil ar an gcámán, cuireann ar ais ar bhos an chamáin é agus siúleann ar ais
- Síneann an dalta an pónaireán chuig an gcéad duine eile ina líne
- Lean ar aghaidh go mbeidh an gníomh déanta trí huairde ag gach dalta

d) Scúpáil & Lig uait an pónaireán

- Píocann an chéad dalta sa líne an pónaireán leis an lámh nach bhfuil ar an gcámán agus leagan ar bhos an chamáin é
- Ar shéideadh na feadóige, rithfidh an dalta go deireadh an lána agus sleamhnaíonn an pónaireán den chamán síos ar mhaire
- Ritheann an dalta ar gcúl, leath bealaigh síos an lána agus stopann
- Ritheann siad chun cinn arís agus píocann suas an pónaireán leis an lámh nach bhfuil ar an gcámán
- Iompaíonn an dalta thart, leagan an pónaireán ar bhos an chamáin agus ritheann ar ais chuig an áit ar thosaigh an gníomh
- Tugann an dalta an camán agus an pónaireán don chéad dalta eile sa líne
- Lean ar aghaidh go mbeidh an gníomh déanta trí huairde ag gach dalta

Pointí Teagaisc

- Agus lámh ar an gcámán, beireann an dalta air agus an ordóg brúite go teann ar lámh an chamáin
- Síne an camán uait agus aghaidh sáile an chamáin amach uait ar an taobh ceannasach
- Luasc an camán síos suas leis an rosta agus coinnigh an lámh díreach – tabhairt “An Ghreim Luasctha” ar sin
- Coinnigh bos an chamáin cothrom
- Leag an pónaireán ar bhos an chamáin agus coinnigh do shúile air

C Conas a chinnteoidh tú nach sleamhnóidh an pónaireán den chamán?


F Féach ar an targaid sula gcaitheann tú an pónaireán

C Cén treo ina bhfuil sáil an chamáin sínte?

Snáithe: Cluichí


Eagrú

- Is féidir leis na daltaí an gníomh seo a dhéanamh astu féin nó ina mbeirteanna
- Bíodh camán beag agus liathróid bheag spúinse ag gach dalta/cúpla



Eagrú

- Seansann na daltaí, triúr ar chúl a chéile feadh faid an chlóis/halla agus aghaidh acu ar na cóin atá 3-5m uathu



Leibhéal Ranga: Naíonáin

Gníomh 3 – Preabadh na Liathróide ar an gCamán

- Agus iad ina seasamh, preabadh na daltaí an liathróid ar an gcamán
- Bíodh siad i gcomórtas lena chéile féachaint cé acu is mó atá in ann preabanna a dhéanamh
- Lean leis an ngníomh agus iad anois ag síúil



Forbairt – Rás Sealaíochta Camán & Pónaireán

- Ar chomhartha ón múinteoir, rithfidh an chéad dalta ar gach foireann chuig an gcón agus ar ais agus pónaireán ar a gcamáin.
- Déanann an dara dalta amhlaidh
- Ní mór do na baill foirne suí síos/cromadh nuair atá a gcion déanta



Pointí Teagaisc

- Síne an camán uait agus aghaidh sáile an chamáin amach uait ar an taobh ceannasach
 - Coinnigh bos an chamáin cothrom
 - Agus síúil á choineáil ar an liathróid, buail go bog le bos an chamáin í.
- C** Cén fáth a gcoinníonn tú do shúile ar an liathróid?

Pointí Teagaisc

- Agus lámh ar an gcamán, beireann an dalta air agus an ordóg brúite go teann ar lámh an chamáin
- Síne an camán uait agus aghaidh sáile an chamáin amach uait ar an taobh ceannasach
- Coinnigh bos an chamáin cothrom
- Leag an pónaireán ar bhos an chamáin agus coinnigh do shúile air
- Spreag na daltaí chun úsáid a bhaint as an lámh neamhcheannasach agus iad ag tabhairt an phónaireáin uathu

